Clár Scoile Baile-Bhunaithe 2026
Téarmaí agus Coinníollacha do Shocruithe Grúpa

Tabhair Aird: Baineann na socruithe le cásanna ina bhfuil an clár scoile baile-bhunaithe eagraithe ag tuismitheoirí/caomhnóirí le soláthraithe príobháideacha lasmuigh de shuíomhanna scoile:

1. Bainfidh aon chomhaontú le Clár Samhraidh Baile-Bhunaithe 2025 amháin agus ba chóir é sin a chur in iúl do na tuismitheoirí/caomhnóirí dlíthiúla ábhartha.

2. Cuirfidh an áis ar a laghad grúpa amháin ar bun ina mbeidh 6 leanbh sa ghrúpa. Féadfaidh an áis roghnú idir 2 rogha chun foireann a sholáthar don ghrúpa. Tabhair aird nach scoil aitheanta a bheidh san áis mar tá sraith clár samhraidh ar fáil do scoileanna.

   Rogha 1: 1 mhúinteoir cáilithe 2 chúntóir a chaithfidh a bheith cláraithe agus seiceáilte le Comhairle Mhúinteoireachta na hÉireann.

   Cuirfear laghdú pro-rata i bhfeidhm i gcás líon na dteagascóirí/cúntóirí agus na n-íocaíochtaí mura bhfuil an grúpa ag feidhmiú ag a lánacmhainneacht. Maidir leis seo, ba chóir gach iarracht a dhéanamh grúpaí a bheith ag feidhmiú leis an líon iomlán daltaí agus na teagascóirí/cúntóirí araon. Is é 4 an líon íosta leanaí is gá chun grúpa a oibriú.

   Rogha 2: 1 mhúinteoir cáilithe a chaithfidh a bheith cláraithe agus seiceáilte le Comhairle Mhúinteoireachta na hÉireann agus 2 Chúntóir Riachtanais Speisialta atá seiceáilte.

   Cuirfear laghdú pro-rata i bhfeidhm maidir le líon na dteagascóirí/cúntóirí agus na n-íocaíochtaí mura bhfeidhmíonn an grúpa ag a lánacmhainneacht. Chuige seo, ba chóir gach iarracht a dhéanamh grúpaí a bheith ag feidhmiú le líon iomlán daltaí agus teagascóirí/cúntóirí araon. 4 leanbh an líon íosta leanaí is gá chun grúpa a chur ag feidhmiú.

3. Ó thús feidhme na nAchtanna um an mBiúró Náisiúnta Grinnfhiosrúcháin (Leanaí agus Daoine Soghonta) 2012, a thosaigh 29 Aibreán 2016, caithfear grinnfhiosrúchán a dhéanamh ar gach múinteoir/cúntóir. Caithfear nochtadh grinnfhiosrúcháin nua-eisithe a iarraidh i gcúinsí ina bhfuil múinteoir/cúntóir nua á fhostú den chéad uair.

4. Ní chuirfidh an Roinn maoiniú ar fáil ach do na leanaí sin amháin a chomhlíonann critéir incháilithe foilsithe an chláir samhraidh baile-bhunaithe agus atá cláraithe ar scoil agus ríomhphost ceadaithe faighte ag an tuismitheoir ón Roinn Oideachais ag deimhniú incháilitheachta a linbh don scéim.

5. Tá an socrú seo ag brath ar chomhaontú tuismitheoirí/caomhnóirí dlíthiúla maidir le údarú freastal a linbh ar an áis agus go n-íocfar deontas an chláir samhraidh baile-bhunaithe go díreach leis an áis. (An Fhoirm Éigeantach atá le comhlánú faoi iamh.)

6. Déantar íocaíochtaí a ríomh ar bhonn ráta comhiomlán mar atá leagtha amach thíos:

   Rogha 1: 1 múinteoir cáilithe 2 cúntóir a chaithfidh a bheith cláraithe agus grinnfhiosraithe le Comhairle Mhúinteoireachta na hÉireann

   Íocaíocht ríofa ar bhonn ráta comhiomlán i.e. do gach grúpa ríomhtar na huaireanta a leithdháiltear do leanbh amháin (10) ag an ráta cáilithe (Grúpa Bunscoile €50.69 in aghaidh na huaire – grúpa Iar-Bhunscoile €55.92) agus na huaireanta eile (50) (leithdháilte ar uasmhéid ceathrar leanbh breise) ríofa ag ráta modhnaithe deontais (€43.34). Dá réir seo, déanfar an ráta laethúil pro-rata cuí a ríomh.

   Briseadh Síos Pro-Rata:

6 Leanbh	-	1 Teagascóir Cáilithe + 2 Chúntóir
5 Leanbh	-	1 Teagascóir Cáilithe + 2 Chúntóir
4 Leanbh	-	1 Teagascóir Cáilithe + 1 Chúntóir

   Rogha 2: 1 múinteoir cáilithe amháin a chaithfidh a bheith cláraithe agus grinnfhiosraithe le Comhairle Mhúinteoireachta na hÉireann agus 2 Chúntóir Riachtanas Speisialta grinnfhiosraithe.

Íocaíocht do gach grúpa – ríomhtar na huaireanta a leithdháiltear do bheirt leanbh (20) ag an ráta cáilithe (Grúpa Bunscoile €50.69 in aghaidh na huaire – grúpa Iar-Bhunscoile €55.92) agus na huaireanta eile (40) (dáilte ar uasmhéid de cheathrar leanbh eile) ríofa ag ráta in aghaidh na huaire CRS (€20.07). Ar an mbonn seo, déanfar ráta laethúil pro-rata iomchuí a ríomh.

Briseadh Síos Pro-Rata:
6 Leanbh - 1 Teagascóir Cáilithe + 2 CRSanna
5 Leanbh - 1 Teagascóir Cáilithe + 2 CRSanna
4 Leanbh - 1 Teagascóir Cáilithe + 1 CRSanna

7. Cé nár cheart go n-eascródh a leithéid de chúinsí do ghrúpaí ina bhfuil múinteoir nach bhfuil cáilithe san earnáil lena mbeidh an teagasc á chur ar fáil, íocfar na huaireanta go léir ag an ráta modhnaithe. Más gá múinteoir ionaid a fhostú, ba chóir go mbeadh bunchéim acu ar a laghad (íosmhéid Leibhéal 7 ar Chreat Náisiúnta na gCáilíochtaí) i réimse ábhartha agus ba chóir go mbeidís cláraithe le Comhairle Mhúinteoireachta na hÉireann. Beidh fianaise á lorg ag an Roinn go ndearnadh iarrachtaí réasúnta chun múinteoir cáilithe a fháil. Mura mbíonn fáil ar an bhfianaise sin beidh sé de cheart ag an Roinn an socrú a chur ar scor láithreach.

8. Faoi réir faomhadh na Roinne, déanfar íocaíocht dhíreach ar dheontas bunaithe orthu seo:

- Íocfar an áis go díreach ag deireadh mhí Dheireadh Fómhair/tús mhí na Samhna. Caithfear Foirmeacha Aontaithe ar Íocaíocht Dhíreach (féach aguisín 1) a chur isteach le gach foirm éilimh deontais tuismitheora agus caithfear iad a chur isteach nuair a bhíonn an soláthar críochnaithe ach faoin 05 Meán Fómhair 2026 ar a dhéanaí.

- Caithfidh tuismitheoirí éileamh aonair ar dheontas a chomhlánú agus caithfidh an áis cóipeanna den fhoirm seo a chur ar aghaidh do gach leanbh atá páirteach sa socrú grúpa.

- Caithfidh soláthraí an ghrúpa litir chlúdaigh a chur isteach freisin le gach grúpa Éilimh ar Dheontas ina dtugtar sonraí gach grúpa lena n-áirítear ainmneacha na leanaí i ngach grúpa agus na teagascóirí atá i bhfeighil ar gach grúpa mar aon le dátaí agus amanna gach ceann de na grúpaí.

- Caithfear Uimhir thagartha cánach agus Uimhir Rochtana Imréitigh Cánach (TCAN) a chur chuig an Roinn sula n-eiseofar aon mhaoiniú go díreach chuig do chomhlacht. Tá maoiniú do chomhlachta ag brath ar do chomhlíontacht go leanúnach le halt 95 den Acht Airgeadais 2014.

- Ba cheart na foirmeacha, mar aon leis an nóta cumhdaigh a chur ar ais chuig an Roinn le chéile agus iad a mharcáil d'aire **Sean Henehan, Clár Samhraidh Baile-Bhunaithe – Socruithe Grúpa, An Rannóg Oideachais Speisialta, Corr na Madadh, Baile Átha Luain, Co. na hlarmh.**

9. Maidir le neamhláithreachtaí, ní dhéanfaidh an Roinn aon asbhaintí i gcás linbh a bhíonn as láthair ar feadh 5 lá as a chéile. Mar sin féin, má bhíonn leanbh as láthair ar feadh níos mó ná 5 lá as a chéile, déanfar an ráta deontais laethúil pro-rata a asbhaint ó dháta an 6ú lá neamhláithreachta go dtí go bhfilleann an leanbh ar a shocrúchán.

10. Caithfidh an áis **a bheith cláraithe le TUSLA (an Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach**) agus lán-chomhlíontach leis na rialacháin ghaolmhara lena n-áirítear, ach gan a bheith teoranta do, Sláinte & Sábháilteacht, Cosaint Leanaí agus Árachas. **Caithfear Cruthúnas ar Chlárúchán le TUSLA a chur ar aghaidh chuig an Rannóg Oideachais Speisialta de réir mar a bhíonn fáil air.**

11. Caithfidh an áis a bheith comhlíontach de réir an cheanglais, faoi Achtanna an Bhiúró Náisiúnta Ghrinnfhiosrúcháin (Leanaí agus Daoine Soghonta) 2012 go 2016 (Acht NVB), go ndéanfaidh an Biúró Náisiúnta Grinnfhiosrúcháin grinnfhiosrúchán ar dhaoine aonair a bhíonn ag obair le leanaí agus le daoine leochaileacha.

12. Ní bheidh aon dliteanas dá laghad ar an Roinn do theagascóirí a fhostófar san áis.

13. Ní bhaineann téarmaí na Scéime Iompar Scoile le leanaí atá incháilithe don chlár samhraidh baile-bhunaithe agus atá ag freastal ar áís ina bhfuil socrú grúpa ceadaithe ag an Roinn.

14. Tabhair aird go bhféadfadh na socruithe thuas a bheith faoi réir athraithe de réir pholasaí na Roinne don Chlár Samhraidh lena n-áirítear rátaí pá agus, ina theannta sin, coimeádann an Roinn an ceart athruithe dá leithéid a dhéanamh trí fhógra a thabhairt don áis faoina leithéid d'athruithe.

15. Coimeádann an Roinn an ceart an áis a iniúchadh.

16. Caithfidh gach uair an chloig de Chlár an tSamhraidh a dháiltear ar an leanbh tarlú i d'áis. Níl sé incheadaithe uaireanta a roinnt idir teagasc sa bhaile agus freastal ar ghrúpa.

17. Tá sé mar fhreagracht ar an áis a dheimhniú go mbíonn socruithe maoirseachta leordhóthanach i bhfeidhm chun leas agus sábháilteacht daltaí atá páirteach sa Chlár Samhraidh a chinntiú.

    Ba chóir don áis a bheith aireach maidir le cloí i gcónaí leis an treoir sláinte poiblí atá i bhfeidhm. Chun teacht ar an treoir is nuashonraithe féach ar láithreán gréasáin FSS: https://www2.hse.ie/conditions/covid19/

    Ba chóir go mbeadh an áis san airdeall freisin nuair a earcaítear baill foirne nua go mb'fhéidir nach bhfuil cur amach acu ar riachtanais iompraíochta nó leighis rí-chasta roinnt daltaí. Ba chóir do thuismitheoirí a bheith sásta freisin go bhfuil a leanaí i dtimpeallacht shábháilte agus má bhíonn imní orthu gur chóir a leithéid d'imní a chur in iúl do bhainistíocht na háise.

Bealtaine 2026
An Rannóg Oideachais Speisialta

Aguisín 1

Comhaontú ar Íocaíocht Dhíreach

Le síniú ag tuismitheoirí leanaí atá ag freastal

AINM NA hÁISE _____

faoi théarmaí

Clár Samhraidh Baile-Bhunaithe 2026

Ainm an Linbh: _____

Dáta Breithe: _____

Treoraím an Roinn Oideachais íocaíocht a dhéanamh le (ainm na háise) _____ don Chlár Samhraidh 2026 ar a bhfreastalóidh mo leanbh (ainmnithe thuas), agus gur féidir an deontas a bheidh le híoc faoi Chlár Samhraidh Baile-Bhunaithe 2026 a íoc go díreach le (ainm na hÁise) _____ ina leith seo de réir an tsocraithe idir (ainm na háise) _____ agus An Roinn Oideachais a chlúdaíonn an tréimhse ó Meitheamh 2026 go Lúnasa 2026.

Treoraím don soláthraí faoi théarma na scéime deimhniú a sholáthar maidir le freastal mo linbh ag (ainm na háise) _____le linn an Chláir Samhraidh má bhíonn a leithéid d'eolas, nó aon eolas eile is gá, de dhíth ar an Roinn Oideachais maidir leis an ngnó seo.

Síniú an Tuismitheora: _____ Dáta: _____2026

Seoladh Baile:_____

_____

_____

1. An Roinn Oideachais

2. Ainm na hÁise _____